# Leabhrán Eolas d'Iarrthóirí

poistphoiblí
publicjobs

**2553205**

**GARDA FAOI OILIÚINT 2025**

An Garda Síochána

**Dáta Dúnta:** 3i.n. ar an Déardaoin 27 Feabhra 2025

poistphoiblí
publicjobs

**Cad a bheidh romhat mar Gharda faoi Oiliúint?**

# CÉN FÁTH AR CHÓIR DUIT TEACHT ISTEACH SA GHARDA SÍOCHÁNA?

Agus machnamh á dhéanamh agat ar ghairm sa Gharda Síochána, is fiú eolas a fháil faoin tuarastal agus faoi na buntáistí a bhaineann leis an ról.

TEORAINN AOISE D'IONTRÁLAITHE MÉADAITHE GO DTÍ 50 BLIAIN D'AOIS

## OILIÚINT, FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

- Mar Gharda faoi Oiliúint, comhlíonfaidh tú an **Clár Bunoiliúna**, an clár oiliúna agus forbartha tosaigh, ina gclúdófar an oiliúint atá ag teastáil chun feidhmiú sa ról agus feidhmeanna an Gharda a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.
- Maidir leis an gclár, tá **Céim (Baitsiléir Ealaíon) ag Leibhéal 7 sa Phóilíneacht Fheidhmeach**, atá creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh, i gceist, ina bhfuil trí chéim oiliúna.
- Nuair a chomhlíonann siad céim 1, deimhnítear Gardaí faoi Oiliúint mar bhaill den Gharda Síochána (cuirtear 'deimhniú' ar an bpróiseas seo) agus cuireann siad tús lena dtréimhse phromhaidh (dhá bhliain ó dháta an deimhnithe de ghnáth) de réir fhorálacha na Rialachán (Cead Isteach agus Ceapacháin).
- Cuirfear oiliúint sa bhreis ar fáil duit, bunaithe ar riachtanais do róil áirithe le linn do ghairme.

## PÁ

- Tabharfar liúntas de €354 sa tseachtain do Ghardaí faoi Oiliúint le linn na tréimhse oiliúna (36 seachtaine).
- Cuirfear lóistín agus bia ar fáil agus iad i gColáiste an Gharda Síochána ón Domhnach go dtí an Aoine.
- I ndiaidh na tréimhse oiliúna (36 seachtaine), deimhnítear Gardaí faoi Oiliúint agus bogann siad ar aghaidh chuig an gcéad phointe ar Scála Pá Incriminteach na nGardaí, .i. €37,311 (ón 1 Deireadh Fómhair 2024), ag ardú in incrimintí go dtí €57,985 sa bhliain i ndiaidh 8 mbliana. Cuirfear dhá incrimint sa bhreis ar fáil i ndiaidh 13 bliana agus 19 mbliana de sheirbhís faoi seach.
- Féadfar incrimintí breise a chur i bhfeidhm bunaithe ar cháilíochtaí oideachais (Dioplóma nó Céim) tar éis promhaidh.
- Cuirfear Gardaí faoi Oiliúint ag obair ar an bpríomhuainchlár seala (12 uair an chloig), dona bhfuil liúntais sa bhreis le híoc.
- Beidh deis ag Gardaí ragobair a dhéanamh, ag ráta ar leith (am go leith, ach amháin ar an Domhnach/ ar laethanta saoire poiblí, dona bhfuil am dúbailte i gceist).

## SAOIRE BHLIANTÚIL/ SAOIRE BHREOITEACHTA

- Nuair a bhogann siad ar aghaidh ó chéim II (tar éis dóibh deimhniú a fháil), faigheann Gardaí faoi Oiliúint **29.5 lá saoire ar íocaíocht**, laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta san áireamh, agus teidlíocht pro rata do thréimhsí seirbhíse níos lú ná bliain amháin.
- Maidir le Gardaí ar dualgas oibríochta, glacfar leis gur gnáthlaethanta oibre iad laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta, ach amháin má shocraítear gur laethanta scíthe iad ar an uainchlár.
- Beidh **roghanna oibre solúbtha** ar fáil le linn do ghairme (le cead ón lucht bainistíochta).
- Tar éis trí mhí d'oiliúint, is féidir **saoire bhreoiteachta** a fháil a chlúdaíonn do liúntas oiliúna seachtainiúil iomlán do shuas le ceithre seachtaine. Baintear méid na sochar atá iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh de na híocaíochtaí seo le linn na breoiteachta.

## BUNTÁISTÍ EILE


- **Pinsean/Scéim Fabhraithe Sciobtha do bhaill (faoi éide)** – ligeann sé seo duit sochair phinsin a fhabhrú ag ráta níos airde gach bliain.
- Tá neart **cumann agus clubanna** ann sa Gharda Síochána a chuireann gníomhaíochtaí fóillíochta sláintiúla chun cinn, lena n-áirítear clubanna spóirt a chuireann gréasán d'ionadaithe spóirt ar fáil.
- **Tacaíochtaí folláine cuimsitheacha agus rochtain** ar an Scéim '**Dochtúirí de Rogha**' (clúdaíonn an Garda Síochána táille chomhairliúcháin an Dochtúra Ghinearálta).
- Rochtain ar **Chumainn Chreidmheasa** an Gharda Síochána.
- An **Scéim um Chúnamh Leighis**.
- **Saoire mháithreachais** ar íocaíocht.
- I ndiaidh dóibh deimhniú a fháil, cuirtear Gardaí ag obair in ionad, ag obair ar an **bPríomhuainchlár** – 4 lá ag obair/4 lá gan a bheith ar dualgas. Tá dhá sheal ag tosú ag 7r.n. agus ag críochnú ag 7i.n. agus, ansin, dhá sheal ag tosú ag 7i.n. agus ag críochnú ag 7r.n. i gceist sna huaireanta oibre.

## Achoimre ar an gComórtas

Tá roinnt céimeanna éagsúla i gceist sa phróiseas earcaíochta don Gharda Síochána:

1. Próiseas Iarratais - á reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (ar a dtugtar ‘poistphoiblí’ sa leabhrán seo)
2. Próiseas Roghnaithe – á reáchtáil ag poistphoiblí;
3. Próiseas Ceapacháin – á reáchtáil ag an nGarda Síochána; agus
4. Clár Bunoiliúna – á reáchtáil ag an nGarda Síochána.

*Tugtar achoimre ar na céimeanna a bheidh le comhlíonadh agat sa ghrafaic seo a leanas:*




Cliceáil ar an [nasc seo]() chun breathnú ar fhíseán a thugann léargas ar ghnáthlá i saol an Gharda faoi Oiliúint.

## Réamhrá

Tuigeann muid gur cinneadh suntasach é an cinneadh cur isteach ar an ról seo, agus ba mhian linn a chinntiú go bhfuil an próiseas chomh furasta agus chomh faisnéiseach agus is féidir.  Tuigeann muid go mb'fhéidir go mbeidh ceisteanna agat sula gcuireann tú tús le d'iarratas; **cuir roinnt ama i leataobh chun an t-eolas thíos a léamh, mar sin.**

Tar éis duit an Leabhrán seo a léamh, má tá aon cheisteanna eile agat faoin bpróiseas roghnaithe, téigh i dteagmháil le poistphoiblí nó, má bhaineann do cheist leis an bpróiseas ceapacháin, féach ar an rannán 'gairmeacha' ar an suíomh gréasáin **www.garda.ie** nó téigh i dteagmháil le hOifig na gCeapachán sa Gharda Síochána ag **Trainee2025@garda.ie** chun cabhair a lorg. Tá **sonraí teagmhála** cuí ar fáil ar leathanach 27 sa leabhrán eolais seo.

In poistphoiblí agus sa Gharda Síochána, tá muid tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chothú, ina ndéantar éagsúlacht a cheiliúradh agus ina gcaitear le gach duine le meas agus ar bhealach cóir.  Cinntíonn ár bpolasaí i dtaca le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú go mbíonn an deis chéanna ag gach iarrthóir dul chun cinn a dhéanamh tríd an bpróiseas.

Reáchtálfaidh poistphoiblí agus an Garda Síochána an próiseas seo de réir an Chóid Chleachtais chuí a d'ullmhaigh agus a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus atá ar fáil ar **www.cpsa.ie**.

Tá muid tiomanta d'ionad oibre ionchuimsitheach agus cothrom ina bhfuil éagsúlacht le brath a chothú agus, dá bharr seo, cuireann muid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí ó chúlraí éagsúla.

## Cén fáth ar chóir duit teacht isteach sa Gharda Síochána?

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta phóilíneacha agus slándála na hÉireann a bhfuil sé mar mhisean aige ***"Daoine a Choinneáil Slán".***

Nuair a oibríonn tú sa Gharda Síochána, bíonn deis iontach agat a bheith i do bhall d'fhoireann dhinimiciúil agus nuálach. Tríd an ról seo agus tríd an tionchar pearsanta a bheidh agat ar dhaoine eile agus ar an bpobal, mothóidh tú, ar bhealach ar leith, go bhfuil obair fhiúntach á déanamh agat.

Beidh baint agat le hobair fhiúntach agus beidh an deis agat athruithe a chur i bhfeidhm.  Oibreoidh tú i dtimpeallacht thacúil ar leith, a bhfuil cúrsaí digiteacha mar bhonn fúithi.

## Riachtanais Cháilitheachta a Shocrú

Maidir le Gardaí faoi Oiliúint atá ag tosú sa Gharda Síochána, tá na rialacháin seo a leanas (nó aon leasuithe a dhéantar ar na rialacháin seo le linn thréimhse an fheachtais) i bhfeidhm:

**Rialacháin an Gharda Síochána (Cead Isteach & Ceapacháin), 2013** de réir mar a leasaíodh sna cáipéisí seo a leanas: **Rialacháin an Gharda Síochána (Cead Isteach agus Ceapacháin) (Leasú) 2020 (Ionstraim Reachtúil 602 den Bhliain 2020)**; **Rialacháin an Gharda Síochána (Cead Isteach agus Ceapacháin) (Leasú) 2021 (Ionstraim Reachtúil 757 den bhliain 2021);** agus, **Rialacháin an Gharda Síochána (Cead Isteach agus Ceapacháin) (Leasú) 2023 (Ionstraim Reachtúil den Bhliain 2023)**.

*Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara gur féidir go ndéanfar na Rialacháin thuas a leasú nó go gcuirfear rialacháin nua i bhfeidhm ina n-ionad agus an comórtas seo ar siúl, nuair a thagann An tAcht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail, 2024, agus reachtaíocht thánaisteach a bhaineann leis, i bhfeidhm. Tabhair faoi deara: má tharlaíonn aon leasú nó athrú den chineál seo, beidh na coinníollacha iontrála agus cáilitheachta d'iarrthóiri de réir na Rialachán nua.*

Má théann iarrthóirí nach gcomhlíonann na bunriachtanais ar an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais ar aghaidh lena n-iarratas, mar sin, ní bheidh siad incháilithe maidir le roghnú ná maidir le tairiscint phoist a fháil.

Is féidir go ndéanfar cáilitheacht a mheas ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Ní hionann cuireadh chuig triail, agallamh nó aon ghné den phróiseas roghnaithe/ceapacháin agus a rá go nglacann poistphoiblí agus/nó an Garda Síochána leis go bhfuil an t-iarrthóir incháilithe. Is féidir nach ndeimhneofar cáilíochtaí/cáilitheacht na n-iarrthóirí go dtí na céimeanna deiridh den phróiseas roghnaithe/ceapacháin.

Sula gcuireann tú isteach ar an gcomórtas seo, bí cinnte go gcomhlíonann tú na critéir cháilitheachta a leagtar amach thíos. Mura gcomhlíonann tú na critéir cháilitheachta, ní dhéanfar d'iarratas a phróiseáil.

**Tabhair faoi deara gur faoin iarrthóir atá sé fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil chun a léiriú go gcomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta le linn an phróisis agus chun poistphoiblí agus An Garda Síochána a chur ar an eolas faoi aon athruithe a thagann chun cinn a mbeadh tionchar acu ar a gcáilitheacht.**

**Tá achoimre ar na critéir cháilitheachta a mbeidh ar iarrthóirí a chomhlíonadh chun áit a fháil mar Gharda agus chun dul san iomaíocht sa phróiseas roghnaithe iomaíoch a eagraíonn poistphoiblí ar fáil thíos. Chun mionsonraí faoi na riachtanais iontrála agus cháilitheachta a fháil, áfach, ba chóir d'iarrthóirí breathnú ar na riachtanais sin de réir mar a leagtar amach iad sna Rialacháin thuasluaite.**

**Ní mór duit na nithe seo a leanas a bheith agat roimh dháta dúnta an chomórtais:**

| Aois | Dea-cháil |
|---|---|
| Ní mór go mbeadh 18 mbliana slánaithe agat agus ní mór duit a bheith 49 mbliana d'aois, ar a mhéad, ar an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais. | Ní mór dea-cháil a bheith ort.<br>Déanfar machnamh ar aon taifead coiriúil agus/nó aon nasc leis an nGarda Síochána le linn an phróisis ghrinnfhiosrúcháin. |
| **Náisiúntacht** | **Oideachas** |
| Ní mór duit:<br>A. A bheith i do náisiúnach de Bhallstát an Aontais Eorpaigh; <u>nó</u><br>B. A bheith i do náisiúnach de Stát sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart na hÉireann nó de Chónaidhm na hEilvéise; <u>nó</u><br>C. Faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, agus de réir na Rialachán um Chead Isteach agus Cheapacháin, 2013, de reir mar a leasaíodh, a bheith mar:<br>i. Theifeach nó mar bhall teaghlaigh de chuid duine dona bhfuil dearbhú mar theifeach i bhfeidhm a bheidh i bhfeidhm do thréimhse iomlán an phróisis roghnaithe agus iontrála do Ghardaí faoi Oiliúint; nó<br>ii. A bheith mar dhuine donar tugadh cosaint thánaisteach nó ina mball teaghlaigh de chuid duine dona bhfuil dearbhú maidir le cosaint thánáisteach i bhfeidhm, a bheidh i bhfeidhm do thréimhse iomlán an phróisis roghnaithe agus iontrála do Ghardaí faoi Oiliúint; nó<br>iii. A bheith i do chónaí sa Stát go leanúnach le tréimhse de bhliain | Roimh **dháta dúnta an chomórtais seo**, ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas agat:<br>1. ***Grád D3 nó O6, ar a laghad***, a bheith bainte amach agat ***i gcúig ábhar*** ag an nGnáthleibhéal* i scrúdú Ardteistiméireachta na hÉireann*; <u>nó</u><br>2. Dámhachtain ag Leibhéal 5 (***120 Creidiúint***), ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí; <u>nó</u><br>3. Cáilíocht aitheanta (***ag Leibhéal 5 nó níos airde***), a aithnítear mar cháilíocht ar aon chaighdeán leis na cinn thuas i dtaca le leibhéal agus líon na foghlama de réir mar a shocraíonn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI).<br>**<u>AGUS</u>**<br>4. Cumas a bheith agat **i gceachtar den dá theanga thíos nó sa dá cheann acu**:<br>i. An Ghaeilge<br>ii. An Béarla<br>**Tabhair faoi deara:**<br>• Ní mór d'iarrthóirí a n-éiríonn leo staidéar sa chomórtas a dhéanamh ar an nGaeilge **<u>agus</u>** |

| | |
|---|---|
| amháin roimh dháta dúnta an chomórtais seo agus, a bheith i do chónaí sa Stát le ceithre bliana san iomlán sna hocht mbliana roimh an tréimhse sin. | **pas a fháil** san ábhar mar chuid de mhodúil i gColáiste an Gharda Síochána.<br>• **Ní ghlacfar** le hábhair a tógadh ag an mbonnleibhéal i Scrúdú na hArdteistiméireachta mar cháilíocht atá ar aon chaighdéam maidir le hiarratas ar an gcomórtas seo. I gcásanna áirithe is féidir go nglacfaí le Pas san Ardteistiméireacht Fheidhmeach mar cháilíocht atá ar aon chéim leis an nGnáth-Ardteistiméireacht. Glactar leis go bhfuil grád H7 ar aon cheim le grád O6 chomh maith.<br>• Is féidir go ndeimhneoidh poistphoiblí bailíocht na gcáilíochtaí nach cáilíochtaí Ardteistiméireachta iad le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI). Is féidir le hiarrthóirí comhairle a fháil ón **Ionad Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil inÉirinn** maidir le haitheantas acadúil a fháil do cháilíochtaí iasachta in Éirinn. |
| **Stádas Fostaíochta** | **Caighdeáin Leighis** |
| Ní mór duit aon fhostaíocht roimhe seo a fhágáil sula dtógfar thú isteach i gColáiste an Gharda Síochána agus ní féidir leat a bheith ar shos gairme ó fhostaíocht dá leithéid sula dtéann tú isteach. | Ní mór duit teastas a fháil ó Liachleachtóir (a ainmníonn an Coimisinéir tar éis dóibh dul i gcomhar leis an Aire) a léiríonn go bhfuil dea-shláinte agat, go bhfuil tú folláin, agus go bhfuil cumas fisiceach agus meabhrach agat chun dualgais mar bhall den tseirbhís a chomhlíonadh. |
| **Triail Inniúlachta Fisiciúla** | **Tástáil Mhí-úsaide Substaintí** |
| Ní mór duit pas a fháil i dTriail Inniúlacht Fisiciúla sula dtéann tú isteach i gColáiste an Gharda Síochána chun tús a chur le d’oiliúint. | Ní mór duit Tástáil Mhí-úsaide Substaintí (Drugaí Rialaithe) a chomhlíonadh agus ba chóir do Choimisinéir an Gharda Síochána a bheith sásta léi. |

## Achoimre

Cuireann líon mór iarrthóirí isteach ar an gcomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint. Dá bharr sin, tá an próiseas roghnaithe do Ghardaí faoi Oiliúint an-chuimsitheach, agus bíonn ar iarrthóirí trialacha, measúnaithe agus cleachtaí éagsúla a dhéanamh trí chéimeanna éagsúla. Socrófar an líon daoine a fhaigheann cuireadh chuig gach céim den roghnú ó am go ham agus cuirfear an líon folúntas atá le líonadh i gColáiste an Gharda Síochána san áireamh.

Reáchtálfaidh poistphoiblí na céimeanna roghnaithe tosaigh ar son Choimisinéir an Gharda Síochána. Cuirfear ainmneacha agus sonraí na n-iarrthóirí a n-éiríonn leo agus a fhaigheann áit san ord fiúntais tar éis na gcéimeanna roghnaithe a reáchtáil poistphoiblí ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun go ndéanfar tuilleadh plé ar a n-iarratais.

Ní bheidh An Garda Síochána nó poistphoiblí freagrach as aon chostas a chuireann iarrathóirí orthu féin i dtaca leis an bpróiseas earcaíochta a íoc ar ais.

## An Próiseas Iarratais

Is gairm dhúshlánach ar leith an phóilíneacht agus tá próiseas roghnaithe cuimsitheach i gceist. Molann muid duit, mar sin, an **féinmheasúnú atá bunaithe ar achoimre ar an bpost** atá ar fáil in Aguisín A) a chomhlíonadh chun a chinntiú go n-oirfeadh an ghairm seo duit sula gcuireann tú iarratas isteach. Is uirlis fhíorthábhachtach an ceistneoir agus tugann sé léargas réadúil ar an ról.

### Ag cur isteach ar an ról:

01 – Déanfaidh poistphoiblí bainistíocht ar an bpróiseas iarratais agus na céimeanna roghnaithe tosaigh sa chomórtas ar son Choimisinéir an Gharda Síochána.

02 – Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne trí www.publicjobs.ie

03 – Sula ndéantar iarratas, ní mór d'iarrthóirí "Cuntas Úsáideora" a bheith acu ar **www.publicjobs.ie**. Cliceáil ar "Logáil Isteach" ar leathanach baile poistphoiblí agus cláraigh mar 'Úsáideoir Nua' chun do Phróifíl a chruthú.

04 – Mura gcuimhníonn tú sonraí do phróifíle, **ná cruthaigh** an dara próifíl, d'fhéadfadh seo d'iarratas a chur ar ceal.

05 – Tabhair faoi deara nach ionann clárú agus iarratas a chur isteach. Tá tuilleadh sonraí thíos.

Nuair atá Próifíl cruthaithe agat, ní mór duit **teacht ar an bhfoirm iarratais** (cliceáil ar an gcnaipe "Cuir Iarratas Isteach" chun teacht ar an bhfoirm iarratais atá ar fáil ag bun an leathanaigh ar a bhfógraítear an post), **a chomhlíonadh agus a chur isteach**. Ní ghlacfar ach le hiarratais chomhlíonta, a chuirtear isteach roimh an dáta dúnta. Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.

**Ceisteanna maidir le hAinmneacha Úsáideora / Pasfhocail**

***An bhfuil dearmad déanta agat ar d'ainm úsáideora nó ar do phasfhocal?***

Má tá, cliceáil ar an nasc seo

https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetails.do

***Conas teagmháil a dhéanamh le poistphoiblí***

*Má tá deacracht agat fós le d'Ainm Úsáideora nó le do Phasfhocal, seol ríomhphost chuig* ***GardaTrainee2025@publicjobs.ie*** *agus mínigh do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir ghutháin san áireamh, chun gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leat.* Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas nach mbeidh tacaíocht ar fáil ach le linn uaireanta oifige go dtí

- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. **Ní ghlacfar** le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní dhéanfaidh poistphoiblí cumarsáid faoi eolas iarratais ach leis an iarrthóir agus ní dhéanfaidh siad cumarsáid le tríú páirtí ar bith.
- Ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an seoladh céanna don phróiseas earcaíochta ó thús go deireadh, le poistphoiblí agus leis an nGarda Síochána.
- Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do chlár teachtaireachtaí poistphoiblí.
- Má athraíonn tú do sheoladh ríomhphoist nó d'uimhir ghutháin le linn an chomórtais earcaíochta seo, ba chóir duit logáil isteach i do chuntas poistphoiblí agus do phróifíl a nuashonrú chomh luath agus is féidir. Má tá sé riachtanach fógra a chur chugat i ríomhphost/dtéacs, cuirfear é chuig an seoladh ríomhphoist / uimhir ghutháin ar do phróifíl.
- Le linn an phróisis roghnaithe, déanfar teagmháil le hiarrthóirí ar líne go príomha. Seolfaidh poistphoiblí cumarsáid trí do chlár teachaireachtaí poistphoiblí den chuid is mó. Moltar duit féachaint ar do chlár teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ thástálacha/ agallaimh srl. a chuirtear chuig do chlár teachtaireachtaí chuig d'fhillteáin ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar (nó 'Promotions' i gcás Gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na fillteáin seo ar fad go minic.

- Má thugtar cuireadh dóibh chuig tástálacha agus/nó agallamh, is faoin iarrthóir féin atá sé a bheith ar fáil ar an dáta(í) a shonraíonn poistphoiblí. Mura bhfuil tú i láthair ar an dáta/ag an am a thugtar duit, glacfar leis gur tharraing tú siar as an gcomórtas, ach amháin má mhínigh tú do poistphoiblí cén fáth nach féidir leat a bheith i láthair agus má tá dáta/am difriúil á lorg agat. Is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil sula socraítear dáta/am difriúil.
- Ní bheidh poistphoiblí freagrach as comhfhreagras nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad go rialta ar a gclár teachtaireachtaí poistphoiblí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a sheolann poistphoiblí chucu.
- Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, **moltar duit dul ar ais chuig do chuntas** poistphoiblí agus a chinntiú go bhfuil sé curtha isteach trí 'M'Iarratais'. Ag an bpointe seo, ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphost ó poistphoiblí.
- Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh dóibh, ní hionann sin agus a rá go nglacann poistphoiblí nó Coimisinéir an Gharda Síochána leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

## Sruthanna Iarratais

Mar chuid den chomórtas earcaíochta seo beidh trí shruth iarratais i gceist:

| A. Ginearálta (Oscailte do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir cháilitheachta) | B Iarrthóirí atá líofa don Sruth Gaeilge (Cumas sa Ghaeilge) | C. Baill de Chúltaca an Gharda Síochána atá i dteideal |
|---|---|---|

Má tá siad i dteideal, is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar shruth amháin nó níos mó ná sruth amháin. ***Is faoin iarrthóir féin atá sé an sruth ceart/na sruthanna cearta a roghnú.***

## Sruth d'Iarrthóirí a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu

Tá Coimisinéir An Gharda Síochána agus An Garda Síochána tiomanta go hiomlán dá ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a chomhlíonadh. Is féidir le daoine a bhfuil cumas acu sa Ghaeilge agus a chomhlíonann na critéir cháilitheachta a leagadh amach a chur in iúl gur mhaith leo dul faoi mheas do shruth speisialtachta Gaelilge ar an bhfoirm iarratais.

Beidh ar iarrthóirí a léiríonn spéis sa sruth seo agus a fhaigheann cuireadh chuig na céimeanna deiridh den phróiseas roghnaithe agallamh atá bunaithe ar inniúlachtaí a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sula

gcuirfear faoi mheas iad do phost den chineál seo. Ní mór dóibh an caighdeán riachtanach a bhaint amach sa Ghaeilge san agallamh seo, .i. . **a léiriú go bhfuil Leibhéal B2, ar a laghad, bainte amach acu ar chreat féinmheasúnaithe Europass**. Ní mór d'iarrathóirí a cheaptar ón sruth seo a bheith in ann réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Má éiríonn leo, cuirfear iarrthóirí ag obair i gceantair Ghaeltachta ar feadh tréimhse, de réir mar a shocróidh Coimisinéir an Gharda Síochána.

## C. Baill de Chúltaca an Gharda Síochána atá i dteideal

Chun aitheantas a thabhairt don oiliúint atá déanta ag Gardaí Cúltaca i gcuid mhaith de na scileanna atá ag teastáil chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar bhaill thábhachtacha den phóilíneacht phobail nó in aonaid rialta, tá sruth iarratais ar leith ar fáil do Ghardaí Cúltaca reatha.

Chun a bheith cáilithe don sruth seo, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu:

| | | | |
|---|---|---|---|
| A dtréimhse phromhaidh a chomhlíonadh | A ról a chomhlíonadh ar bhealach sásúil | 120 uair an chloig, ar a laghad, a bheith déanta acu sa bhliain in dhá bhliain de na ceithre bliana éilimh is déanaí | Na coinníollacha iontrála a leagtar amach sa Leabhrán seo a chomhlíonadh |

Ba chóir d'iarrthóirí atá i dteideal iarratas a dhéanamh mar is gnách agus a chur in iúl ar an bhfoirm gur mian leo iarratas a dhéanamh ar an Sruth do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána atá ar seirbhís. Chun go gcuirfí thú faoi mheas don Sruth do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána atá ar seirbhís, ní mór duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil agus d'iarratas á chomhlíonadh agat:

1. D'uimhir chlárúcháin i gCúltaca an Gharda Síochána; agus
2. An Rannóg ina bhfuil tú ag obair faoi láthair.

**Ní mór d'iarrthóirí a bheith ag obair mar Gharda Cúltaca ag am an cheapacháin mar Gharda faoi Oiliúint chun a bheith i dteideal faoin Sruth do Bhaill de Chúltaca an Gharda Síochána. Ní thairgfear ceapachán ón Sruth seo d'iarrthóirí nach bhfuil ina mbaill de Chúltaca an Gharda Síochána a thuilleadh.**

Ina theannta sin, beidh ort foirm dheimhnithe sa bhreis a chomhlíonadh ag am an cheapacháin.

### Dáta Dúnta

Is é seo a leanas an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais chomhlíonta: 3i.n. ar an **Déardaoin 27 Feabhra 2025.** Is **fútsa** atá sé a chinntiú go gcomhlíonann tú agus go gcuireann tú an t-iarratas isteach i gceart mar gheall **nach nglacfar le haon iarratas maidir leis an iarratas a chur isteach i ndiaidh an dáta dhúnta**.

Mura bhfaigheann tú admháil faoi d’iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d’iarratais, **cliceáil ar d’fhillteán do Dhramhaíl/Thurscar mar gur féidir fógraí i ríomhphost dul isteach i bhfillteáin do Dhramhaíl/ Thurscar (nó ‘Promotions’ i gcás Gmail).** Sa chás nach bhfaigheann tú admháil go fóill, seol ríomhphost chuig ***GardaTrainee2025@publicjobs.ie*** agus cuir isteach d’ainm, d’UA iarrthóra agus do shonraí teagmhála Ba chóir d’iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

## Próiseas Roghnaithe

Reáchtálfaidh poistphoiblí na céimeanna tosaigh den phróiseas earcaíochta i gcomhar leis an nGarda Síochána.  Seolfar ainmneacha agus sonraí na n-iarrthóirí a n-éiríonn leo sna céimeanna roghnaithe ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun gur féidir leo a mheas do cheapachán.

Tá trí chéim i gceist sa Phróiseas Roghnaithe seo, mar a leagtar amach thíos.  Tabharfar eolas cuimsitheach faoi gach céim roghnaithe d’iarrthóirí a fhaigheann cuireadh chuig an gcéim sin den phróiseas ag an am cuí.

Tabharfaidh cuireadh do gach iarrthóir incháilithe a chuireann iarratas isteach ar an gcomórtas seo roinnt **measúnuithe ar líne** a chomhlíonadh, ar a ndéanfar feitheoireacht ó chian trí cheamara gréasáin.  Is féidir le hiarrthóirí na measúnuithe a dhéanamh am ar bith le linn na tréimhse tástála laistigh de líonra TF slán.

Beidh na measúnuithe ar líne ar fáil i roinnt teangacha éagsúla. Cuirfear ábhar eolais, lena n-áirítear cleachtaí samplacha, ar fáil duit sula ndéanann tú na measúnuithe.

Cuirfear iarrthóirí in ord fiúntais, bunaithe ar na marcanna a fhaigheann siad sna measúnuithe.

***Molann muid d’iarrthóirí na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara sula gcomhlíonann siad na measúnuithe ar líne:***

| Áit le Trialacha ar Líne a Dhéanamh | Naisc chuig Céim 1 - Measúnuithe Ar Líne | Tú féin a ullmhú don Phróiseas Roghnaithe |
|---|---|---|
| Is féidir leat na measúnuithe tosaigh ar líne (scrúdú réasúnaíochta briathartha agus cleachtadh scríofa ar líne) a dhéanamh i do rogha ionad in áit ina bhfuil ríomhaire ar fáil ar a bhfuil ceamara gréasáin agus ceangal idirlín maith. | I ndiaidh an dáta dhúnta agus sula dtosaíonn Céim 1, seolfar nasc chuig an Leabhrán Eolais Réamhthrialach chuig do chlár teachtaireachtaí.<br><br>Seolfar nasc chuig na treoracha | Cuirfear eolas ar fáil roimh gach céim den mheasúnú. Bí ar an eolas nach bhfuil aon ullmhúchán ar leith i gceist do na trialacha measúnaithe agus nach bhfuil iarpháipéir scrúdaithe ar fáil. |

poistphoiblí
publicjobs

| | | |
|---|---|---|
| Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh na dtrialacha seo ar ghréasáin TF slán, m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i gcoláiste, gur féidir go mbeadh balla dóiteáin nó teicneolaíocht chosanta eile i bhfeidhm a d'fhéadfadh deacrachtaí teicniúla a chruthú. Ba chóir duit smaoineamh ar na trialacha a dhéanamh sa bhaile, áit nach bhfuil na srianta céanna ar an idirlíon.<br><br>Ba chóir d'iarrthóirí a chinntiú gur féidir leo na trialacha a chomhlíonadh in áit chiúin inar féidir leo díriú ar an obair agus gan aon rud ag cur isteach orthu le linn na dtrialacha.<br><br>***Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agat ar an idirlíon chun na trialacha a chomhlíonadh.*** | (ceisteanna samplaí san áireamh) agus chuig na measúnuithe ar líne trí ríomhphost chuig cláir teachtaireachtaí na n-iarrthóirí roimh an am atá ar fáil do na measúnuithe.<br><br>Tá sé beartaithe go gcuirfear an nasc seo ar aghaidh le linn mhí an Mhárta 2025. Tabharfaidh an nasc seo rochtain duit ar an ardán tástála roimh an measúnú beo agus chuig na measúnuithe uilig le linn thréimhse na measúnuithe. | ***Is mian le Coimisinéir an Gharda Síochána a rá nach bhfuil aon fheidhm nó aon bhaint ag poistphoiblí nó ag an nGarda Síochána le cúrsaí ullmhúcháin a bhaineann leis an bpróiseas roghnaithe do ról an Gharda faoi Oiliúint a sholáthar nó a mholadh.*** |

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí a n-éiríonn leo i gCéim 1 chun **agallaimh**, a dhéanfar ó chian trí Zoom. Is dócha go mbeidh na hagallaimh ar siúl idir mí Aibreáin agus mí an Mheithimh 2025. Cuirfear tuilleadh eolais ar aghaidh chuig na hiarrthóirí sin le linn an phróisis. Is féidir go ndéanfar athbhreithniú ar na modhanna measúnaithe le linn an chomórtais seo agus is féidir go mbeidh trialacha/cleachtadh eile i gceist, de réir mar is gá. Moltar do gach iarrthóir, mar sin, scrúdú cúramach a dhéanamh ar aon chomhfheagras nó ar aon ábhar eolais a fhaigheann siad ar a gclár teachtaireachtaí poistphoiblí roimh thús gach céime. Tabharfar níos mó eolais faoi na modhanna roghnaithe agus na dátaí cinnte d'iarrthóirí de réir mar a théann an próiseas ar aghaidh.

## Amlíne don Phróiseas Roghnaithe do Ghardaí faoi Oiliúint

**poistphoiblí**

Foirm Ghréasáin ar líne ar fáil ar **www.publicjobs.ie**

Dáta: 6 Feabhra 2025– 27 Feabhra 2025

**Céim 1 - poistphoiblí**

Trialacha Briathartha, Uimhriúla ar Líne, Ceistneoir Measúnaithe agus cleachtadh scríofa ar a ndéanfar feitheoireacht ó chian.

Dáta: Mí an Mhárta 2025

**Céim 2 - poistphoiblí**

Agallamh Dírithe ar Inniúlachtaí a dhéanfar trí Zoom. Ar dtús tabharfar cuireadh don ghrúpa iarrthóirí is fearr ó Chéim 1 chuig agallaimh. Tabharfar cuireadh do ghrúpaí eile de réir mar is gá.

Dáta: Mí Aibreáin 2025

**Céim 3 - AGS**

Maidir leis an bPróiseas Ceapacháin a reáchtálfaidh an Garda Síochána i ndiaidh d'iarrthóirí pas a fháil in agallamh agus dul trí sheiceálacha cáilitheachta a reáchtálfaidh poistphoiblí, beidh TIF (Triail Inniúlachta Fisiciúla), Tástáil Mhí-Úsáide Substaintí (Drugaí Rialaithe) agus Grinnfhiosrúchán i gceist.

### Nóta

De réir mar a leagadh amach cheana, reáchtálfaidh poistphoiblí Céim 1 agus Céim 2 den phróiseas roghnaithe agus reáchtálfaidh An Garda Síochána Céim 3. Rachaidh iarrthóirí cáilithe a chomhlíonann na riachtanais cháilitheachta i ndiaidh an agallaimh ar aghaidh chun dul faoi mheas do cheapacháin sa Gharda Síochána. Tabhair faoi deara gur féidir go dtabharfar deis d'iarrthóirí TIF agus Scrúdú Leighis a chur in áirithe roimh Chéim 3.

De réir mar a théann iarrthóirí ar aghaidh trí chéimeanna/ghnéithe éagsúla an phróisis roghnaithe agus cheapacháin, ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar dháta ar bith a thugtar dóibh mar gur féidir nach mbeifear in ann am eile a thabhairt.

Tuigtear gur féidir go gcuirfear iarrthóirí a n-éiríonn leo san fheachtas seo faoi mheas le dul isteach i gColáiste an Gharda Síochána le linn 2025 agus 2026. Má éiríonn leat, tairgfidh an Garda Síochána áit duit sa chéad ghrúpa eile atá le teacht isteach. Ní bheidh cead ag iarrthóirí a ndáta tosaithe a chur siar ach i gcúinsí eiseachtúla.

## Próiseas Roghnaithe

### Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá poistphoiblí agus an Garda Síochána tiomanta do dheiseanna cothroma a thabhairt do gach iarrthóir. Tá ról tábhachtach ag poistphoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Tá muid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molann muid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort. Is éard atá i gceist le socruithe réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Ní bhaintear úsáid as aon eolas a nocthann tú ach chun a shocrú an féidir socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm chun cabhrú leat dul ar aghaidh sa chomórtas. Coinneoidh muid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort faoi rún daingean.

Má éiríonn leat, ní sheolfaidh muid eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas ar aghaidh chuig an nGarda Síochána, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais/phróifíl go bhfuil socruithe réasúnta ag teastáil uait, cuir tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis ar aghaidh chuig **asu@publicjobs.ie**.

Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt do poistphoiblí chun gur féidir socruithe réasúnta a chur ar fáil más cuí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/de thuairiscí ó shíceolaí a cheilt (a bhaint amach) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ní mór na tuairiscí seo a chur ar aghaidh chuig Aonad na Seirbhísí Measúnaithe roimh am dúnta gnó ar an **27 Feabhra 2025.** Ba chóir duit **cóip scanta den tuairisc a sheoladh, trí mheán an ríomhphoist**, chuig **asu@publicjobs.ie**

**Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana le poistphoiblí agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuig [asu@publicjobs.ie](mailto:asu@publicjobs.ie) chun a dheimhniú go bhfuil do thuairisc fós ar taifead.**

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarrthóireacht agus ar shocruithe réasúnta ar féidir leo cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh, ar amanda.kavanagh@publicjobs.ie. Le tuilleadh eolais a fháil maidir le hinrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar an leathanach dar teideal 'Inrochtaineacht'.

Maidir le hiarratais ar shocruithe réasúnta ó iarrthóirí sula dtosaíonn siad i gColáiste an Gharda Síochána, ní mór dóibh iad sin a chur ar aghaidh i scríbhinn chuig Oifig na gCeapachán, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8 nó trí mheán an ríomhphoist chuig Appointments@Garda.ie. Ní mór tuairiscí leighis agus síceolaíocha ábhartha a chur isteach mar thacaíocht le hiarratais dá leithéid. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don Gharda Síochána chun gur féidir socruithe réasúnta a chur ar fáil más cuí.

Tabhair faoi deara: mar aon leis na nithe thuas, ní mór d'iarrthóirí a n-éiríonn leo sa phróiseas roghnaithe dearbhú iomlán a thabhairt maidir lena stádas leighis ag céim an scrúdaithe leighis réamhfhostaíochta.

## An Próiseas Ceapacháin

Déanfaidh an Garda Síochána iarrthóirí a n-éiríonn leo sa Phróiseas Roghnaithe a mheas do cheapachán. Tá na ceithre phríomhghné thíos i gceist sa Phróiseas Ceapacháin agus tabharfar tuilleadh sonraí de réir mar a théann an próiseas ar aghaidh:

Triail Inniúlachta Fisiciúla → Tástáil Mhí-Úsáide Substaintí → Scrúdú Leighis → FoirmB / Grinnfhiosrúchán

### Triail Inniúlachta Fisiciúla

Déanfaidh gach iarrthóir a n-éiríonn leo ag an gcéim roghnaithe Triail Inniúlachta Fisiciúla (TIF), mar chuid den phróiseas earcaíochta. Nuair a chuireann siad iarratas isteach, ní mór d'iarrthóirí a bheith aclaí go haeróbach chun tabhairt faoi thraenáil go sábháilte agus, ina dhiaidh sin, chun na dualgais a thugtar dóibh mar Gharda faoi Oiliúint a chomhlíonadh.

### Tástáil Mhí-Úsáide Substaintí (Drugaí Rialaithe)

Má éiríonn leat sa TIF, iarrfar ort sampla gruaige (3cm ar a laghad) chur ar fáil don tástáil Mhí-Úsáide Substaintí (Drugaí Rialaithe) ar an lá céanna. Tá sé de chead ag an nGarda Síochána do Thástáil Mhí-Úsáide Substaintí a dhéanamh trí shampla múin i gcúinsí eisceachtúla.

**Ní mór do gach iarrthóir páirt a ghlacadh sa phróiseas tástála agus má dhiúltaíonn siad é seo a dhéanamh agus/nó má fhaightear tástáil dhearfach, ní rachaidh an t-iarrthóir ar aghaidh sa chomórtas.**

Má theip ort i dTástáil Mhí-Úsáide Substaintí cheana, is féidir leat cur isteach ar an ról mar Gharda faoi Oiliúint arís i ndiaidh tréimhse ama réasúnta. Beidh ort fianaise a léiriú (cáipéisí san áireamh) maidir le hathrú suntasach i do chúinsí trí bhearta éagsúla, m.sh. cóir leighis, comhairleoireacht agus athruithe i do stíl mhaireachtála (lena n-áiritear do líonra) a théann i ngleic leis na cúiseanna taobh thiar den iompar coiscthe sin a tugadh faoi deara. Meastar go dtógann sé thart ar dhá bhliain chun athruithe buana a chur i bhfeidhm, ag brath ar na cúinsí.

## Scrúdú Leighis

Beidh ort tabhairt faoi scrúdú leighis cuimsitheach chomh maith, a dhéanfaidh Liachleachtóir Cláraithe, a ainmneoidh Coimisinéir an Gharda Síochána. Seo a leanas na riachtanais ghinearálta leighis:

- ***Sláinte mhaith intinne agus fhisiceach*** (ní mór cuntas iomlán leighis a thabhairt agus déanfar athbhreithniú air mar chuid den scrúdú leighis).
- ***Meáchan taobh istigh de na gnáth-theorainneacha (gan a bheith faoi mheáchan agus neamh-mhurtallach)*** (ICM idir 18.5 agus níos lú ná 25 go hidéalach). Déanfar measúnú ar dhaoine a bhfuil ICM acu atá lasmuigh de na teorainneacha seo trí úsáid a bhaint as táscairí deimhnithe breise chun a shocrú an gcomhlíonann siad
- ***Radharc na Súl*** - leibhéil mhaithe radhairc (géire radhairc gan chúnamh 6/18, ar a laghad, in aon cheann de na súile, ar féidir é a cheartú go 6/9 nó níos fearr sa tsúil is laige). Ní mór don ghéire radhairc dhéshúiligh a bheith 6/7.5 nó níos fearr, gan chabhair nó le cabhair.
- **Éisteacht** – leibhéil mhaithe éisteachta gan áis éisteachta agus ghnáthleibhéal éisteachta sa dá chluas i dtástáil chlosmhéadrachta gan áis éisteachta.

Mar chuid de do scrúdú leighis, déanfar na tástálacha seo a leanas:

01 **Tástáil ar Radharc na Súl**
Tástail ar radharc na súil gan chabhair (spéaclaí/lionsaí le baint uair an chloig roimh an tástáil) agus, más cuí, tástáil le cabhair (spéaclaí/lionsaí) ina dhiaidh sin.

02 **Tástáil Éisteachta**
Gnáthéisteacht agus tástáil chlosmhéadrachta gan áis éisteachta.

03 **Tástáil Mhúine**
Do ghnáthscagthástáil chliniciúil

04 **Buaicshreabhchairte de Lámh**

05 **Scrúdú Brú Fola agus Frithbhuailte**

### Fadhbanna sláinte atá ann cheana féin

Má bhí nó má tá fadhbanna sláinte ag an iarrthóir, ní mór dóibh iad sin a chur in iúl le linn an scrúdaithe. Is féidir go mbainfear iarrthóirí nach nochtann cúlra iomlán ón gcomórtas.

Déanfaidh an dochtúir cuí measúnú ar fhadhbanna sláinte agus meabhairshláinte atá ann cheana féin agus a bhí ann roimhe seo, de réir an cháis agus is féidir go mbeidh ar iarrthóirí tuairiscí breise nó soiléiriú óna ndochtúir(í) nó ón ghairmithe cliniciúla a chur ar fáil. Ní mór d'iarrthóirí aon tuairiscí cliniciúla cuí óna ndochtúir(í) nó a ngairmithe cliniciúla a chur ar fáil ar lá an scrúdaithe. Cabhróidh seo leis an scrúdú leighis agus, dá bharr sin, le d'iarratas a chur chun cinn.

### Achomharc i dtaca le Cinneadh go bhfuil iarrthóir Neamhábalta ó thaobh Sláinte de

Má shocraíonn an Liachleachtóir go bhfuil iarrthóir neamhábalta ó thaobh sláinte de, ní mór don iarrthoir a dheimhniú gur mhaith leo achomharc a lorg **laistigh de choicís**.

### Measúnú ar Oiriúnacht ó thaobh Dea-Cháile de

Ligeann an próiseas grinnfhiosrúcháin réamhfhostaíochta dúinn a chinntiú go ndéantar measúnú ar dhaoine a chomhlíonann feidhmeanna an Gharda Síochána agus a bhfuil rochtain acu ar fhoirgnimh, ar eolas, ar fhaisnéis, ar shócmhainní airgeadais nó oibríochtaí an Gharda Síochána ó thaobh ionracais, agus macántachta de agus go bhfuil siad oiriúnach don phost agus do phoist a d'fhéadfadh a bheith acu amach anseo mar chuid de ghairm sa Gharda Síochána.

Ba chóir duit a bheith ag súil leis go ndéanfar grinnfhiosrúchán láidir agus cuimsitheach maidir le d'oiriúnacht chun a bheith i do bhall den Gharda Síochána agus is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh:

- Seiceálacha maidir le taifead coiriúil ortsa, ar do mhuintir agus ar do líonra tionchair,
- Seiceálacha slándála agus faisnéise ortsa, ar do mhuintir agus ar do líonra tionchair,
- Seiceálacha d'fhíneálacha, d'fhógraí pionóis socraithe agus do rabhaidh fhoirmiúla,
- Seiceálacha ar do phróifílí ar na meáin shóisialta,
- Seiceálacha le hÓglaigh na hÉireann agus/nó Fórsaí Cosanta Iasachta,
- Seiceálacha le Fórsaí Póilineachta Iasachta,
- Foilseacháin ar líne, ábhar a chruthaíonn úsáideoir agus seiceálacha meán sóisialta,
- Seiceálacha creidmheasa,
- Agallaimh ghrinnfhiosrúcháin áitiúla,
- Measúnú ar Theastas Imréitigh Póilíneachta nó ar Theastas Póilíneachta ó thíortha eile,
- Measúnú ar phróisis earcaíochta/ghrinnfhiosrúcháin roimhe seo,

- Measúnú ar fhostaíocht roimhe seo agus seiceálacha teistiméireachtaí,
- Measúnú ar thorthaí ó thástáil/ó thástálacha drugaí (tástáil/tástálacha roimhe seo san áireamh).

Tabharfar tuilleadh eolais faoi gach ceann de na ceithre ghné den phróiseas ceapacháin de réir mar a théann tú tríd an bpróiseas. Ní mór d'iarrthóirí a bheith oiriúnach faoi na forais thuas chun áit a fháil sa chéad chéim eile den phróiseas roghnaithe, Clár Bunoiliúna an Gharda Síochána i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Má éiríonn leat ag aon chéim den phróiseas roghnaithe, tabhair faoi deara nach ionann sin agus a rá gur glacadh leat mar Gharda faoi Oiliúint.

## Próiseas Bunoiliúna

Is é an Clár Bunoiliúna an clár oiliúna agus forbartha tosaigh do Ghardaí faoi Oiliúint nua-earcaithe agus do Ghardaí faoi Oiliúint sa Gharda Síochána, agus tá an oiliúint atá ag teastáil chun dualgais agus feidhmeanna an Gharda Síochána a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil i gceist. Is é an Clár Bunoiliúna an t-ardán as a bhforbraítear gach deis foghlama agus forbartha eile sa Gharda Síochána.

Cuirtear tús leis an gClár Bunoiliúna nuair a ghlacann an Coimisinéir le hiarrthóir mar Gharda faoi Oiliúint agus cuirtear deireadh leis nuair atá an tréimhse oiliúna comhlíonta acu nuair a dheimhníonn Coimisinéir an Gharda Síochána an t-iarrthóir ina c(h)eapachán mar bhall den Gharda Síochána.

Tá trí phríomhghné foghlama agus forbartha i gceist sa Chlár Bunoiliúna, a ndéantar monatóireacht agus measúnú orthu le linn an Chláir. Is iad seo:




## Dul Isteach sa Choláiste

Tabhair faoi deara gur chóir go mbeadh iarrthóirí in ann tosú i gColáiste an Gharda Síochána nuair a fhaigheann siad tairiscint. Ní bheidh cead an dáta tosaithe a chur siar, ach i gcúinsí eiseachtúla.

## Eolas Ginearálta

### Modhanna Athbhreithnithe - CCSP – Cód Cleachtais

Reáchtálfaidh poistphoiblí an próiseas roghnaithe don chomórtas do Ghardaí faoi Oiliúint de réir Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an Coimisiún) do Cheapachán sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Sonraíonn an Cód Cleachtais na céimeanna chun déileáil le hiarratais ó iarrthóirí maidir le hathbhreithniú agus maidir le gearáin ó iarrthóirí a bhaineann leis an bpróiseas roghnaithe.

Ba chóir ceisteanna faoi Chéim 1 agus faoi Chéim 2 den phróiseas a chur ar aghaidh chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin poistphoiblí. Ba chóir ceisteanna faoin bpróiseas ceapacháin a chur ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána.

Léirítear na prionsabail seo a leanas sna cóid chleachtais:

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-chleachtas
- Leanúnachas
- Trédhearcacht
- Ceapacháin a chuireann Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú chun cinn

Níl aon dualgas ar poistphoiblí nó ar an nGarda Síochána stop a chur leis an bpróiseas roghnaithe nó ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le hathbhreithniú. Bí ar an eolas: i gcás gur tharla athbhreithniú ar phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fíor-eisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a dtoil.

Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, www.cpsa.ie.

## Nósanna Athbhreithnithe

### Alt 7

Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne poistphoiblí nó an Garda Síochána. Tabharfaidh an ceapaí aird ar iarratais ar athbhreithniú de réir na bhforálacha in Alt 7 den Chód Cleachtais. Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Molann an Coimisiún, má tá an t-iarrthóir sásta, agus sa chás go gceapann an duine sa phost gur féidir an cheist a réiteach gur chóir tabhairt faoi ar bhonn neamhfhoirmiúil, sula dtugtar faoi trí athbhreithniú foirmiúil.

### Nós imeachta d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe.

- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an gceist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dóibh é sin a lorg laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar fógraíodh toradh an athbhreithnithe neamhfhoirmiúil.

### Nós imeachta d'Athbhreithniú Foirmiúil ar Phróiseas Roghnaithe

- Ní mór don iarrthóir a g(h)eará(i)n maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin poistphoiblí nó chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, de réir mar is cuí, agus na fíricí a thaispeánann go raibh gníomh nó cinneadh mícheart a léiriú.
- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh.
- Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus
- Ní foláir an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis dúinn an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil.

### Alt 8 - Gearáin

Má cheapann iarrthóir gur bhris an ceadúnaí cuí (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin poistphoiblí nó Coimisinéir an Gharda Síochána) an Cód Cleachtais a chuir as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas roghnaithe nó ceapacháin, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar fhiosrúchán faoi Alt 8 den Chód. Tríd an bpróiseas gearáin, is féidir le hiarrthóir(í) (nó daoine a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí) gearán a dhéanamh ar dtús chuig an gceadúnaí agus chuig an gCoimisiún ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon poistphoiblí nó an Garda Síochána prionsabail an Chóid seo.

- Ní mór iarratas ar Ghearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an gceist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór dóibh é sin a chur in iúl laistigh de 5 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an cinneadh nó laistigh de 5 lá oibre ó cuireadh toradh an ghearáin neamhfhoirmiúil in iúl.

## Iarratais ar Aiseolas/Trialacha a Athsheiceáil

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hathscrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí léi i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

## Dualgais na nIarrthóirí

Agus iarratas á chur isteach acu ar an gcomórtas seo, ní mór d'iarrthóirí glacadh leis go bhfuil roinnt dualgas orthu:

**Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu**

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- Dea-cháil a bheith orthu atá oiriúnach don phost,
- A bheith oiriúnach ar gach slí eile do cheapachán sa phost atá i gceist.

Agus, má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

- go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh.
- go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán dualgais agus go bhfuil siad ar fáil chun iad a chomhlíonadh.

**Níl cead ag iarrthóirí:**

- Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta.
- Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú.
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach, nó cur as dó;

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas. Má dhéanann Iarrthóir ar bith iarracht go díreach nó go hindíreach tionchar a imirt trí chanbhasáil i dtaca lena (h)iarratas, dícháileofar iad ón gcomórtas.

Duine ar bith a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuidíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá siad ciontach i gcion. **D'fhéadfaí fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.** Ina theannta sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil an duine ceaptha i bpost, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh an duine de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

## Iarratas a Tharraingt Siar

### Tarraingt Siar ón bPróiseas Roghnaithe

I gcás iarrthóirí nach bhfreatsalaíonn ar agallamh agus ar thrialacha ag an am cuí san áit chuí a shocraíonn poistphoiblí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ó poistphoiblí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní féidir iad chur san áireamh do phost.

Ní mór d’iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn poistphoiblí san áireamh, a chur ar fáil taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir siar ón gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

### Tarraingt siar ón bPróiseas Ceapacháin

Is féidir go mbeidh ar iarrthóir tarraingt siar ón gcomórtas ar chúiseanna éagsúla. Tá na cúiseanna seo a leanas san áireamh ach ní liosta iomlán é seo:

- Má chuirtear iarratas siar ar chúiseanna leighis do thréimhse níos faide ná 12 mhí.
- Mura bhfuil iarrthóir in ann Foirm Ghrinnfhiosrúcháin shásúil a chur ar fáil d’Oifig na gCeapachán.
- Má theipeann ar iarrthóir gné den phróiseas ginearálta a chomhlíonadh laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear.

## Coinníollacha Seirbhíse

### Tatúnna agus Ealaín Cholainne

Ní cheadaítear tatúnna agus ealaín cholainne ar an aghaidh, nó atá le feiceáil os cionn an choiléir nó faoi chuffa d’éide. Chun íomhá ghairmiúil a choinneáil, ní mór gach tátú eile agus ealaín cholainne a chlúdach nuair atá an duine ar dualgas. Ní mór duit an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi aon tatú feiceálach atá agat a luaithe is féidir toisc gur féidir nach mbeidh tú in ann tús a chur leis an oiliúint dá mbarr.

### Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha atá ann agus níl cead ag an nGarda faoi Oiliúint a bheith páirteach nó ceangailte le gnó nó le gníomhaíocht sheachtrach ar bith a chuirfeadh as do chomhlíonadh a c(h)uid dualgas. Má tá baint ag Gardaí faoi Oiliúint le haon ghnó nó ghíomhaíocht sheachtrach, ní mór dóibh é sin a chur in iúl d’Oifig na nGardaí faoi Oiliúint i scríbhinn.

Ba chóir eolas a thabhairt faoin gcineál gnó nó gníomhaíochta atá i gceist, faoina ról, faoi na huaireanta/na laethanta a mbíonn baint acu leis an ngnó/na gníomhaíochta agus gach eolas ábhartha a thabhairt. Déanfaidh Ard-Cheannfort na Bunoiliúna cinneadh maidir le páirt a ghlacadh in aon ghnó nó ghníomhaíocht sheachtrach.

Is féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh Ard-Cheanfort na Bunoiliúna chuig Stiúrthóir na hOiliúna agus na Forbartha Pearsanta Leanúnaí, agus tá cinneadh an Stiúrthóra críochnaitheach. ***Is faoin nGarda faoi Oiliúint atá sé eolas a thabhairt faoi aon ghnó nó ghníomhaíocht sheachtrach*** agus mura ndéanann siad sin, is féidir go mbeidh gníomh smachtaithe i gceist, lena n-áirítear deireadh a chur leis an gconradh. Ní mór d'aon rannphairtíocht i ngnó nó ngníomhaíocht sheachtrach cloí le Treoir an AE um Am Oibre.

## Tástáil DNA

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go bhfuil An Garda Síochána faoi réir ag forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréiseach & Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014.

Deimhníonn Alt 41 den Acht go dtógfar Samplaí DNA ó Ghardaí faoi Oiliúint a thosaigh a n-oiliúint i gColáiste an Gharda Síochána tar éis don Acht teacht i bhfeidhm ar an 20 Samhain 2015.

Sonraíonn Alt 41 4(c) den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Fhóiréinseach agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014 go '[n-]úsáidfear an sampla chun próifíl DNA den duine a chruthú le cur isteach san innéacs díbeartha (Garda Síochána) den Chóras Bunachair Sonraí DNA agus éifeacht iontrála dá leithéid'.

Is é is cúis le samplaí dá leithéid a thógáil, i dtaca le coireanna a fhiosrú, a fháil amach cé acu ar éilligh an duine sin sampla ó shuíomh coire.

## Cód Eitice

I sochaí dhaonlathach is é ról na bpóilíní an tsochaí a chosaint agus freastal uirthi, an tsíocháin a choinneáil, an dlí a chur i bhfeidhm agus sábháilteacht an phobail a chinntiú. Chun é seo a dhéanamh, ní mór go mbeadh muinín ag an bpobal a mbíonn siad ag freastal air as an nGarda Síochána. Gheobhaidh siad agus coinneoidh siad an mhuinín sin má ghníomhaíonn siad agus má fheictear go ngníomhaíonn siad faoin dlí agus go gcuireann siad an dlí i bhfeidhm go cothrom le daoine eile. Do dhuine ar bith atá ag obair sa Gharda Síochána is é seo an bunús do gach geallúint eile.

Ráiteas is ea an Cód Eitice de riachtanais eitice do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána agus léiriú soiléir don phobal ar an ngnáthiompar ar chóir dóibh a bheith ag súil leis. Gairm onórach is ea an phóilíneacht agus bíonn an pobal ag súil le caighdeáin iompair agus le cleachtais den scoth i dtaca leis. Ní mór do gach ball den Gharda Síochána cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais le muinín agus

tacaíocht an phobail a chinntiú. Beidh ort gealltanas foirmiúil maidir leis an gCód Cleachtais a shíniú nuair a théann tú isteach san Eagraíocht. Chun teacht ar thuilleadh eolais, **cliceáil anseo**.

### Smacht

Ní mór gach ordú dleathach, a thugtar i scríbhinn nó ó bhéal ó dhaoine a bhfuil údarás acu, a chomhlíonadh. Ní mór do Gharda faoi Oiliúint cloí i gcónaí leis an gcaighdeán iompair agus smachta caighdeánach agus ní mór dóibh an 'Lámhleabhar do Ghardaí faoi Oiliúint agus ar Promhadh' a léamh go cúramach agus cloí leis na forálacha atá ann. Má sháraítear aon cheann de na forálacha sa Chód is féidir go dtabharfar rabhadh duit nó is féidir go gcuirfear an sannadh ar ceal.

### Éide agus Fearas

Is leis an nGarda Síochána i gcónaí an éide agus an fearas a thugtar don Gharda faoi Oiliúint. Beidh an Garda faoi Oiliúint freagrach as a gcúram agus ní mór dóibh iad a thabhairt ar ais nuair is gá. Níl cead iad a úsáid ach do chúiseanna údaráithe agus beidh ar an nGarda faoi Oiliúint aon táille a ghearrtar de bharr nithe a chailltear nó a ndéantar damáiste dóibh a íoc.

## Rúndacht maidir le hEolas agus hÁbhair

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas má roinneann siad ábhar scrúdaithe le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus go bhfuil cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (aon téacs san áireamh agus/nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach, lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag pointe ar bith. Is coir é seo a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine/daoine eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfear an dlí agus/nó agra sibihialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

## Fearas Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn poistphoiblí aon fhearas taifeadta a úsáid ina fhoirgneamh nó in áit ar bith ina mbíonn measúnú/trialacha/agallaimh srl. ar siúl, m.sh. agallaimh físe, teileachomhdháil. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith, is cuma má tá taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil, agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na n-iarrthóirí/gcliant a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- sa chás nach bhfuil siad ceaptha i bpost, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh iad de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

### Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarrann muid ort é seo a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne cuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn bearta a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

Tabhair faoi deara: Mura gcloiseann poistphoiblí faoi aon cheist nó faoi aon fhabhb a tharlaíonn duit roimh nó ar lá na dtrialacha/an agallaimh, ní bheidh muid in ann plé leo ina dhiaidh sin. Cuirfear aiseolas i scríbhinn ar fáil má lorgaítear é. Ní chuireann iarratas ar aiseolas as don tréimhse ama atá leagtha amach d'athbhreithniú a lorg.

### Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir an AE um Chosaint Sonraí.

Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, cruthaítear taifead ríomhaire faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh, ach cuirfear thú ar an eolas faoi seo roimh an measúnú agus déanfar gach iarracht a chinntiú go mbeidh do chuid sonraí slán. Má éiríonn leat ag Céim 2 den phróiseas roghnaithe, cuirfear an t-eolas a tugadh ar d'fhoirm iarratais (ach amháin aon eolas a bhaineann le monatóireacht chomhionannais) ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun gur féidir leo céimeanna eile an phróisis roghnaithe a reáchtáil.

Baileoidh an tSCP Sonraí Monatóireachta Comhionannais ar an bhFoirm Iarratais. Bailítear an t-eolas seo ar mhaithe le staitisticí agus ní luaifear tréithe pearsanta. Más cuí, roinnfear an t-eolas staitistiúil gan tréithe pearsanta luaite leis an nGarda Síochána.

Déanfar na sonraí pearsanta a thugann tú a bhainistiú ar bhealach rúnda, slán agus de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) (AE) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 (Acht na bliana 2018).

Tá sé riachtanach sonraí pearsanta a phróiseáil chun cosaint i gcoinne bagairtí ar an tSlándáil Náisiúnta agus ar Shlándáil an Phobail agus bagairtí den chineál seo a chosc, faoin sainmhíniú maidir le scóip Threoir 2016/680 de chuid an AE (Treoir maidir le Forfheidhmiú Dlí, nó 'LED') i dtaca le próiseáil faoi **Alt 70(1)(a)** d'Acht na bliana 2018, agus, mar sin, de réir mar a leagtar amach i **gCuid 5** d'Acht na bliana 2018.

Tá eolas ginearálta faoi phróiseáil sonraí pearsanta sa Gharda Síochána agus faoin gcaoi ar féidir le daoine a gcearta a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear an ceart rochtain a fháil ar shonraí) ar fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána, **https://www.garda.ie**

Má tá fonn ort teacht ar do shonraí pearsanta: maidir le poistphoiblí, seol d'iarratas i ríomhphost chuig: dpo@publicjobs.ie.

Maidir leis an nGarda Síochána, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig:

An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí,

Oifigeach Cosanta Sonraí an Gharda Síochana

Sráid Chéipil

Baile Átha Cliath 1.

Ríomhphost: DataProtection@Garda.ie

Cinntigh go ndéanann tú cur síos suntasach ar na taifid a theastaíonn uait chun gur féidir linn an taifead/na taifid chuí a shainaithint. Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh poistphoiblí leagtha amach ar an leathanach dar teideal Cosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie.

## Nochtaí Cosanta

Tá Polasaí poistphoiblí i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil ar: Polasaí maidir le Nochtaí Cosanta.pdf (publicjobs.ie).
Tá poistphoiblí tiomanta do dheiseanna comhionannais agus cuireann muid fáilte roimh iarratais faoi na naoi bhforas san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.
Reáchtálfaidh poistphoiblí, ar son an Gharda Síochána, na gnéithe roghnaithe den chomórtas seo de

réir an Chóid Chleachtais chuí, a d'ullmhaigh agus a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus tá siad ar fáil ar **www.cpsa.ie**.

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

**Teagmháil:** An tAonad Earcaíochta d'Earnáil an Chirt

**Ríomhphost:** **GardaTrainee2025@publicjobs.ie**

**URL:** **www.publicjobs.ie**

poistphoiblí publicjobs

**Aguisín A - Ceistneoir Féinmheasúnaithe**

Spreagann an ceistneoir seo chun machnaimh thú maidir le conas a thagann do chuid scileanna, taithí agus caitheamh aimsire leis na riachtanais dhúshlánacha mar Gharda faoi Oiliúint.

Léigh na ráitis ar na leathanaigh seo a leanas agus roghnaigh na freagraí is fearr a léiríonn do thuairim faoi gach ráiteas. Cé nach cuid den phróiseas roghnaithe an ceistneoir, moltar duit freagra a thabhairt ar gach ráiteas sula dtéann tú ar aghaidh le d'iarratas.

**An bhféadfá...?**

| | Aontaím go láidir Ní aontaím | Ní aontaím | Aontaím | Aontaím go láidir |
|---|---|---|---|---|
| Oibriú i ról ina bhfuil an-éagsúlacht | | | | |
| Pacáistí agus bogearraí TE a úsáid le muinín | | | | |
| Réimse scileanna nua a fhorbairt ar féidir leat a úsáid i do ról | | | | |
| Insint do thusimitheoir gur maraíodh a bpáiste | | | | |
| Castacht na reachtaíochta cuí a thuiscint agus a chur i bhfeidhm i do ról | | | | |
| CPR a dhéanamh ar dhuine atá gortaithe go dona | | | | |
| Leibhéal maith aclaíochta a choinneáil | | | | |
| Reachtaíocht nach n-aontaíonn tú féin léi a chur i bhfeidhm | | | | |
| Duine a dtuigeann tú mar dhuine ionraic agus macánta ach a bhris an dlí a ghabháil | | | | |
| Tascanna a thugtar duit a dhéanamh nach maith leat a dhéanamh ar chor ar bith | | | | |
| Déileail le cuid mhaith fola agus le gortuithe tromchúiseacha eile | | | | |
| A thuiscint agus tú ag obair sa phost go mbeidh ort déileáil lena lán rudaí diúltacha, coiriúlacht agus fulaingt ach gur gá duit meon dearfach a choinneáil. | | | | |
| Duine atá ag troid in aghaidh a g(h)abhála a ghreamú go fisiceach | | | | |
| Oibriú le heagraíocht amháin le linn na gairme ar fad | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Caidreamh maith oibre a chothabháil le do chomhgleacaithe | | | | |
| Ordú dleathach a d'fhéadfadh thú a chur i mbaol a chomhlíonadh | | | | |
| Dea-chaidreamh a chothabháil leis an phobal | | | | |
| Corp a chuardach chun Aitheantas a fháil | | | | |
| A bheith suaimhneach fiú amháin má thugann duine cúis mhaith feirge duit | | | | |
| A bheith mar chéad teagmhálaí do dhuine a ndearnadh ionsaí gnéis orthu | | | | |
| Glacadh le hobair seala an Gharda Síochána, a chiallaíon go mbeidh ort oibriú le linn na hoíche ar fad, nach ionnann le róil áirithe, níl cead codladh agus tú ar dualgas | | | | |
| Gan a bheith buartha faoi nuacht dhiúltach agus faoi cháineadh éagórach | | | | |
| A thuiscint fiú amháin i súiomhanna sóisialta, gur féidir go gcuirfear thú in aithne do dhaoine mar Gharda agus go mbeidh tuairim ag daoine áirithe fút láithreach | | | | |
| D'aitheantas Garda a bheith leat i gcónaí fiú amháin nuair nach bhfuil tú ar dualgas | | | | |
| Dea-chaidreamh a chothabháil leis an phobal ina bhfuil tú ag obair | | | | |
| A bheith ag obair le linn laethanta saoire, le linn na Nollag, na Cásca agus deirí seachtaine | | | | |
| A thuiscint nach dtabharfar ardú céime tríd na gráid do gach duine a fhaigheann post mar Gharda | | | | |
| Déileáil le ceisteanna báis agus beatha, uaireanta ar bhonn laethúil | | | | |
| Duine a ghabháil in áit phoiblí agus is féidir go dtaifeadfaí thu ar theileafón póca | | | | |
| Gan a bheith buartha agus do dhualgais a chomhlíonadh, fiú amháin faoi chúinsí deacra | | | | |
| A thuiscint go mbeidh do chlann/cairde buartha fút agus faoin ghairm a roghnaigh tú | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dul ar dualgas i d'aonar | | | | |
| Cabhair agus cuidiú a thabhairt do dhaoine a dteastaíonn sé uathu | | | | |
| Difríocht mhór a dhéanamh i saol dhaoine eile. | | | | |

An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí,

Oifigeach Cosanta Sonraí an Gharda Síochana

Sráid Chéipil

Baile Átha Cliath 1.

Ríomhphost: DataProtection@Garda.ie

Cinntigh go ndéanann tú cur síos suntasach ar na taifid a theastaíonn uait chun gur féidir linn an(na) taifea(i)d cuí a shainaithint.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh poistphoiblí leagtha amach ar an leathanach dar teideal Cosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie.

## Nochtaí Cosanta

Tá Polasaí na SCP i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil ar: Polasaí maidir le Nochtaí Cosanta.pdf (publicjobs.ie).

poistphoiblí
publicjobs

poistphoiblí
Áras na Caibidle,
26/30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath I.
Eircode: D0I C7W6.
Fón: 0I 858 7400

Is féidir leat coinneáil suas chun dáta linn ar **publicjobs.ie** agus trí muid a leanúint ar na hardáin shóisialta: